Cuntas Leithreasa 2012

# Cuntas Ciste Teagmhais

## Réamhrá

Is ciste neamhreachtúil é an Ciste Teagmhais a cruthaíodh le deontas-i-gcabhair i 1923. Tá an ciste ar fáil le húsáid chun cuidiú le caiteachas práinneach gan choinne , caiteachas nach mbíonn clúdaithe ag na Gnáth-Vótaí agus nach bhféadfaí go fírinneach cead láithreach na Dála a fháil ina leith e.g. le linn sosa, a ghlanadh.

Tá nósanna imeachta maidir le feidhmiú an Chiste leagtha amach san fhoilseachán Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí na Roinne Airgeadais (Altanna C.1.5 go dtí C.1.12).

Feidhmíonn an Ciste mar chuntas taisce in Oifig an Phá-Mháistir Ghinearálta sa Roinn Airgeadais.

Trí chomhaontú le Coiste na gCuntas Poiblí, tá bac ar úsáid an Chiste Taisce nuair a bhíonn an Dáil ina suí, nó ó thaobh seirbhísí nua lena mbaineann conspóid.

Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a chinneann airgead sa Chuntas a úsáid agus eisean amháin le comhaontú roimh ré ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe . Caithtear an cinneadh a chur in iúl do na daoine seo a leanas chomh luath agus is féidir

- Coiste na gCuntas Poiblí
- Páirtithe an Fhreasúra (urlabhraí airgeadais)
- Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Aisíoctar na híocaíochtaí go léir ón gCiste ar ais ann

- trí Vóta breise nó nua más airleacan do sheirbhís iomlán nua a bhíonn i gceist
- trí Mheastachán Forlíontach má bhaineann an tseirbhís le Vóta atá ann cheana féin
- ón Lárchiste, a éilíonn sainreachtaíocht.

Déantar athbhreithniú ar mhéid an chiste gach cúig bliana. Tar éis athbhreithnithe i 2004, méadaíodh an méid sa chiste go dtí €1.2 milliún trí dheontas i gcabhair faoi Vóta 6 i 2005. Tar éis athbhreithnithe i 2009, socraíodh gur chóir go bhfanfadh an Ciste ag an leibhéal sin. Meastar go mbeidh an chéad athbhreithniú eile ann i 2014.

**Cuntas ar na hIdirbhearta Ciste 2012**

Léirítear an cuntas ar na fáltais agus ar na híocaíochtaí maidir leis an gCuntas sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2012 thíos. Ní raibh aon idirbheart maidir leis an gCiste i 2012

**Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach**

Baineann córais rialaithe agus cuntasaíochta na Roinne Airgeadais agus an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach arna dhéanamh maidir leis an Roinn leis an gCiste seo chomh maith.

**Robert Watt**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe

20 Feabhra 2013

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Cuntas Ciste Teagmhais

Deimhním go bhfuil an cuntas seo scrúdaithe agam agus go bhfuil sé ceart.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

11 Iúil 2013

# Cuntas Ciste Teagmhais

## Fáltais agus Íocaíochtaí sa Bhliain Dar Críoch 31 Nollaig 2012

| | 2012 | 2011 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ar 1 Eanáir | 1,200 | 1,200 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | — | — |
| **Íarmhéid ar 31 Nollaig** | **1,200** | **1,200** |